Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026
(OR. en)

**8823/26**

**ENER 212**
**FISC 157**
**ECOFIN 560**
**COMPET 515**
**ENV 442**
**IND 300**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2851 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 30.4.2026<br>maidir le bainistiú riosca soláthróirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2851 final.

Faoi iamh: C(2026) 2851 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2851 final

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.4.2026**

**maidir le bainistiú riosca soláthróirí**

{SWD(2026) 126 final}

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.4.2026**

**maidir le bainistiú riosca soláthróirí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le linn ghéarchéim na bpraghsanna fuinnimh 2021 – 2022, bhí féimheachtaí soláthróirí ann mar thoradh ar éagobhsaíocht mhór laistigh den earnáil leictreachais, rud a raibh éifeachtaí móra aige ar thomhaltóirí. Nuair a theipeann ar sholáthróirí a bpunanna leictreachais a fhálú go leordhóthanach, is féidir le luaineachtaí i bpraghsanna mórdhíola iad a nochtadh d'anás airgeadais, rud a d'fhéadfadh féimheacht a bheith mar thoradh air agus rioscaí agus costais a aistriú chuig tomhaltóirí agus chuig rannpháirtithe eile sa mhargadh. Chun tomhaltóirí a chosaint ar iarmhairtí den sórt sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh straitéisí fálaithe iomchuí ag soláthróirí a thairgeann conarthaí ar phraghas seasta atá comhréireach lena rochtain giniúna, lena gcaipitliú, lena neamhchosaint ar luaineacht mhórdhíola, lena méid agus lena suíomh ar an margadh.

(2) Tagraíonn an coincheap 'fálú' do straitéis cheannaigh nó do straitéis airgeadais atá ceaptha maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le luaineachtaí díobhálacha praghsanna i margaí fuinnimh. Trí fhálú éifeachtach, is féidir le soláthróirí costais soláthair a chobhsú, iad féin a chosaint ar luaineacht sa mhargadh mórdhíola, agus praghsanna miondíola cobhsaí intuartha a thairiscint do thomhaltóirí. I gcás soláthróirí a bhfuil punanna conartha praghais sheasta substaintiúla acu, tá sé fíor-riachtanach fálú in aghaidh athruithe ar phraghsanna le linn fhad an chonartha, agus athruithe ar phatrúin tomhaltais á gcur san áireamh.

(3) Cé go bhféadfadh costais mhéadaithe a bheith mar thoradh ar fhálú, tá an tslándáil a chuireann sé ar fáil i bhfad níos luachmhaire, toisc gur féidir le teipeanna laistigh den earnáil costais a mhéadú do thomhaltóirí trí réamhíocaíochtaí tomhaltóirí a chur i mbaol agus go bhféadfadh roghanna malartacha níos costasaí a bheith mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthróirí a léiriú go bhfuil a straitéisí ag teacht lena samhlacha gnó agus nach bhfuil rioscaí míchuí ag baint leo do thomhaltóirí, go háirithe trí chleachtais fálaithe neamhleora. Meastar go ndreasóidh iomaíocht laistigh den mhargadh barrfheabhsú costas, rud a laghdóidh costais do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach iomaíocht láidir a chothú i measc soláthróirí miondíola chun méaduithe féideartha ar chostais soláthróirí a mhaolú.

(4) Cé gurb é an soláthróir atá freagrach go bunúsach as oiriúnacht a straitéise fálaithe a chur ar bun agus a léiriú, tá an inniúlacht ag údaráis rialála náisiúnta agus an tá an

oibleagáid orthu an fhreagracht sin a fhorfheidhmiú ar sholáthróirí de bhun Airteagal 18a de Threoir (AE) 2019/944[1] arna leasú le Treoir (AE) 2024/1711[2].

(5) Beart éifeachtach chun athléimneacht agus bainistiú leachtachta soláthróirí fuinnimh a fheabhsú is ea tástáil struis, ar ionsamhlúchán é sa chomhthéacs seo ina ndéantar meastóireacht ar thionchar fachtóirí riosca réamhchinntithe. Trí thástálacha struis a dhéanamh, is féidir athléimneacht airgeadais soláthróra a thomhas. Is faoi na húdaráis rialála náisiúnta atá sé cuimsiú agus struchtúr na dtástálacha struis sin a chinneadh.

(6) Is féidir na rioscaí airgeadais a bhíonn ag soláthróirí fuinnimh a nascadh go dlúth leis an dinimic chasta idir margaí fisiciúla agus margaí airgeadais, go háirithe margaí na ndíorthach. Is féidir le comhar neartaithe idir rialtóirí fuinnimh, maoirseoirí stuamachta agus údaráis an mhargaidh airgeadais cuidiú le leochaileachtaí trasearnála a shainaithint, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceanglais éarlaisithe, ceanglais chomhthaobhachta, agus ceanglais leachtachta i dtrádáil díorthach fuinnimh.

(7) Tá sé fós deacair ag pobail fuinnimh dul i ngleic le táirgí fálaithe ar mhargaí láraithe. Cuireann an staid sin lena neamhchosaint ar luaineachtaí sa mhargadh agus is measa fós é mar gheall ar phléití ar an leibhéal náisiúnta maidir le ceanglais fálaithe a fhorchur ar sholáthróirí, rud a d'fhéadfadh rioscaí margaidh do sholáthróirí pobail a ghéarú gan a gcúinsí sonracha a aithint.

(8) Cé go bhfuil rogha áirithe ag na Ballstáit maidir le hAirteagal 18a de Threoir (AE) 2019/944 a chur chun feidhme, ba cheart treoraíocht a sholáthar leis an Moladh seo maidir le bainistiú riosca soláthróirí a fhorfheidhmiú chun tomhaltóirí a chosaint ar rioscaí soláthróirí agus ar shuaitheadh i bpraghsanna fuinnimh.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar do na Ballstáit na bearta seo a leanas a dhéanamh:

## Trasuí

1. Agus Airteagal 18a(1) de Threoir (AE) 2019/944 á thrasuí, ba cheart do na Ballstáit údarás rialála náisiúnta neamhspleách a ainmniú le haghaidh an chúraim forfheidhmiúcháin. **Moltar go sannfadh na Ballstáit an cúram forfheidhmithe don rialtóir, nó d'údarás neamhspleách comhchosúil eile a bhfuil sainordú láidir cosanta tomhaltóirí aige** chun bearta stuamachta a fhorfheidhmiú ar sholáthróirí, lena n-áiritheofar formhaoirseacht éifeachtach agus cosaint éifeachtach leasanna tomhaltóirí.

2. **Cur chun feidhme agus forfheidhmiú mionsonraithe na hoibleagáide atá ar sholáthróirí** straitéisí fálaithe iomchuí a bheith i bhfeidhm agus a chur chun feidhme a tharmligean, chomh maith leis an oibleagáid gach beart réasúnach a dhéanamh chun teorainn a chur leis an riosca go dteipfidh ar an soláthar **don údarás ainmnithe**. Féadfaidh na Ballstáit critéir ghinearálta a bhunú chun na críche sin, ar

[1] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

[2] Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1711, 26.6.2024, http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1711/oj).

choinníoll go n-urramófar leis sin neamhspleáchas na n-údarás rialála náisiúnta mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/944.

3. **A chur san áireamh gur féidir straitéisí fálaithe iomchuí a áirithiú i bprionsabal trí rialacha formhaoirseachta ginearálta**, gan gá le hathbhreithniú mionsonraithe ar sheasaimh ná ar straitéisí gach soláthróra. **Moltar uirlisí amhail tástálacha struis agus ceanglais tuairiscithe soláthróirí chun measúnú breise a dhéanamh ar na straitéisí fálaithe sin.** Ba cheart do na Ballstáit rialacha ginearálta a chur chun feidhme le haghaidh soláthróirí a chosnaíonn an fhormhaoirseacht gan a saoirse tráchtála a chur i mbaol.

4. **É a chur ar a gcumas d'údaráis rialála náisiúnta creat forfheidhmiúcháin oiriúnach a chinneadh**, lena n-áirítear timthriallta tuairiscithe agus tástáil struis tráthrialta, atá comhréireach le méid an mhargaidh, leis an gcineál soláthróra agus le neamhchosaint ar riosca.

5. **Oibleagáid a bhunú ar sholáthróirí straitéisí fálaithe iomchuí a chur chun feidhme** agus gach beart réasúnta a dhéanamh chun an riosca teipe a íoslaghdú agus iarmhairtí ar an gcóras airgeadais a theorannú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin critéir cheadúnúcháin stuamachta, tairseacha sócmhainneachta airgeadais nó bearta leachtachta a thabhairt isteach, rud a chuirfeadh ar a gcumas do na húdaráis rialála náisiúnta measúnú a dhéanamh ar straitéisí ceannaigh agus bainistithe riosca na soláthróirí.

6. **Soláthróirí a spreagadh chun úsáid a bhaint as na hionstraimí fálaithe éagsúla** atá ar fáil, lena n-áirítear réamhchonarthaí, todhchaíochtaí agus comhaontuithe ceannaigh cumhachta (CCCanna).

7. **Rannpháirtíocht na bpobal fuinnimh agus na ngníomhaithe margaidh beaga a éascú trí rochtain ar tháirgí fálaithe a shimpliú,** sásraí comhiomlánaithe, trádáil idir piaraí agus CCCanna comhoibríocha a chur chun cinn, i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais agus i gcomhréir le Moladh (AE) C(2026)2850 ón gCoimisiún maidir le tacú le forbairt pobal fuinnimh agus acmhainneacht an fhéintomhaltais a uasmhéadú[3].

## Treoirphrionsabail maidir le forfheidhmiú

8. **A áirithiú go gcuirfear san áireamh sna straitéisí fálaithe** a fhorbraíonn soláthróirí agus a chuireann soláthróirí chun feidhme **rochtain na soláthróirí ar a n-acmhainneacht ghiniúna féin agus ar a gcaipitliú féin, mar aon lena neamhchosaint ar luaineachtaí i bpraghsanna margaidh mórdhíola, méid an tsoláthróra, agus struchtúr an mhargaidh agus infhaighteacht leachtachta.**

9. **A aithint go mbíonn éagsúlacht i straitéisí fálaithe iomchuí de réir an chineáil soláthróra agus an chomhthéacs náisiúnta.** Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go léireoidh soláthróirí leordhóthanacht a gcur chuige i dtaca lena samhail ghnó agus go léireoidh na húdaráis rialála náisiúnta solúbthacht san fhorfheidhmiú.

10. **Údaráis rialála náisiúnta a spreagadh chun glacadh straitéisí éifeachtacha bainistithe riosca a chur chun cinn i measc soláthróirí chun éifeachtaí luaineachta praghsanna ar an soláthróir agus ar an gcóras ina iomláine a mhaolú,** agus é á aithint an tráth céanna go bhféadfadh sé nach mbeadh gá le fálú

[3] MOLADH ÓN gCOIMISIÚN maidir le tacú le forbairt pobal fuinnimh agus acmhainneacht an fhéintomhaltais a uasmhéadú - C(2026)2850.

iomlán i gcónaí. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceadóidh na húdaráis rialála náisiúnta fálú páirteach más féidir le soláthróirí athléimneacht choibhéiseach a léiriú trí shócmhainní táirgthe, cúlchistí leachtachta nó coimircí eile. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cheart do sholáthróirí móra a bhfuil punanna móra praghsanna seasta acu cumhdach fálaithe comhréireach a choinneáil ar bun chun rioscaí sistéamacha a íoslaghdú.

11. **Na hinniúlachtaí is gá a thabhairt d'údaráis rialála náisiúnta** chun oibleagáidí fálaithe a shonrú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú, agus solúbthacht soláthróirí á caomhnú an tráth céanna maidir le cineálacha cur chuige bainistithe riosca a dhearadh lena laghdaítear neamhchosaint ar luaineacht go héifeachtach.

12. **Údaráis rialála náisiúnta agus soláthróirí a spreagadh, i gcás inarb indéanta, chun tástálacha struis tráthrialta nó *ad hoc* a chur chun feidhme** lena n-ionsamhlaítear dálaí díobhálacha margaidh chun measúnú a dhéanamh ar leachtacht, sócmhainneacht agus neamhchosaint ar riosca na soláthróirí. Ba cheart fad agus raon feidhme na n-ionsamhlúchán sin a chinneadh ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla ar feadh tréimhsí 6 mhí nó 12 mhí.

13. **Ba cheart do na Ballstáit córais a bhunú chun gníomhaíochtaí coisctheacha comhréireacha a dhéanamh chun ullmhú d'imeacht ordúil ón margadh**, i gcomhréir leis an bhforáil maidir le soláthróir na dála deiridh a leagtar amach in Airteagal 27a de Threoir (AE) 2019/944[4]. I gcásanna anacra nó mainneachtana soláthróra, ba cheart do na Ballstáit próiseas soiléir agus trédhearcach a áirithiú idir na húdaráis inniúla agus soláthróirí (na dála deiridh). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear tomhaltóirí ar an eolas go pras, i bhfriotal simplí, faoi leanúnachas an tsoláthair, faoi ghníomhachtú scéim sholáthróir na dála deiridh, agus faoi aon athrú ar théarmaí conarthacha.

## Tuairisciú éifeachtach simplí a áirithiú

14. **Údaráis rialála náisiúnta a spreagadh chun oibleagáidí tuairiscithe comhréireacha agus so-úsáidte a bhunú do sholáthróirí**, ag tógáil, i gcás inar féidir, ar na creataí ceadúnúcháin atá ann cheana. Ba cheart uirlisí tuairiscithe dhigitigh a úsáid chun éifeachtúlacht agus trédhearcacht a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit na húdaráis rialála náisiúnta a spreagadh freisin chun aon tuairisciú a ailíniú leis na hoibleagáidí sonraí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], go háirithe Airteagal 8 den Rialachán sin.

15. **A áirithiú go nglacfaidh na húdaráis rialála náisiúnta straitéisí athbhreithnithe atá oiriúnaithe do mhargaí náisiúnta,** cibé acu trí mheasúnuithe cuimsitheacha, athbhreithnithe baisce nó faireachán rioscabhunaithe, agus méid an tsoláthróra, castacht punainne agus rochtain ar ghiniúint nó ar leachtacht á gcur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit na húdaráis rialála náisiúnta a spreagadh freisin chun timthriallta tuairiscithe a bhunú chun intuarthacht a fheabhsú don earnáil, agus na

---

[4] Airteagal 27a, Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1227/oj).

heatraimh is fearr a thagann le riachtanais rialála agus le hoibríochtaí tionscail á gcur san áireamh.

16. **A áirithiú go gcaitheann na húdaráis rialála náisiúnta go cothrom agus go cóir le gach soláthróir ina straitéisí forfheidhmiúcháin.** Ba cheart straitéisí athbhreithnithe, go háirithe cineálacha cur chuige rioscabhunaithe, a bheith á dtreorú ag critéir shoiléire réamhshainithe chun trédhearcacht, intuarthacht agus comhsheasmhacht a áirithiú, agus ba cheart cothrom iomaíochta a áirithiú leo agus ceanglais á gcur i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus próifíl riosca an tsoláthróra.

17. **Údaráis rialála náisiúnta a spreagadh chun creataí tuairiscithe agus formhaoirseachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go minic** mar fhreagairt ar fhorbairtí sa mhargadh. Ba cheart do na Ballstáit comhar le bainc cheannais náisiúnta, le rialtóirí airgeadais agus le páirtithe leasmhara ábhartha a spreagadh chun comhleanúnachas a fheabhsú agus chun a áirithiú go leanfaidh maoirseacht stuamachta de bheith láidir agus inchreidte. Moltar do rialtóirí an Aontais dea-chleachtais a mhalartú le chéile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Dan Jørgensen*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**
**Stiúrthóir**
**Cinnteoireacht agus Coláisteacht**
An Coimisiún Eorpach